C/2024/5861

26.9.2024

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.11729 – TAV / FRAPORT / FTA I JV)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2024/5861)

1. An 18 Meán Fómhair 2024 fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— TAV Airports ('TAV', an Tuirc), faoi rialú deiridh Aéroports de Paris S.A.;

— Fraport AG ('Fraport', an Ghearmáin).

Fuair TAV agus Fraport rialú comhpháirteach ar Fraport TAV Antalya Terminal Isletmeciligi ('FTA I' JV) de réir bhrí Airteagail 3(1)(b) agus 3(4) den Rialachán um Chumaisc.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is oibritheoir aerfoirt liostaithe é TAV atá suite in Iostanbúl, agus a oibríonn aerfoirt sa Tuirc go sonrach (Aerfort Antalya, Ankara, İzmir, Bodrum agus Gazipasa) chomh maith le siopaí saor ó dhleacht, ionaid bia agus dí, tolglanna aerfoirt agus soláthraíonn sé seirbhísí láimhseála ar an talamh agus seirbhísí slándála.

— Is corparáid comhstoic liostaithe Ghearmánach é Fraport agus is máthairchuideachta é ar Fraport Group, atá gníomhach i ngnó na n-oibríochtaí aerfoirt. Is é Aerfort Frankfurt príomhláithreán Fraport Group.

3. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó FTA I JV: oibriú aerfort Antalya.

4. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

5. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11729 – TAV / FRAPORT / FTA I JV

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

Ríomhphost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË